

Cúrsaí Pleanála

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi rialacha pleanála i nDún na nGall. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat na focail agus na frásaí ar chlé a mheaitseáil leo siúd ar dheis?

1. ag achainí	a) <i>to slacken, moderate</i>
2. a mhaolú	b) <i>speed limit</i>
3. glúin óg	c) <i>Transport Infrastructure Ireland</i>
4. plean forbartha	d) <i>appealing</i>
5. srianta pleanála	e) <i>to earn money</i>
6. le hairgead a shaothrú	f) <i>to grant</i>
7. teorainn luais	g) <i>young generation</i>
8. bóthar rochtana	h) <i>development plan</i>
9. Bonneagar Iompair Éireann	i) <i>access road</i>
10. a dheonú	j) <i>planning restrictions</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar na focail seo atá coitianta i gCanúint Uladh agus a bhí le cloisteáil sa mhír. Cén leagan atá agat féin de na focail seo?

- bealach
- pilleadh
- chun an bhaile
- babaí
- teach s'acu féin
- chan é
- uilig
- cad chuige
- thart fá dtaobh dúinn

- Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:
1. Cá bhfuil an N56?
 2. Cá bhfuil Caitríona ina cónaí agus cén t-eolas a thugtar dúinn faoina hiníon?
 3. Cad é an riail a bhaineann leis an N56?
 4. Cad atá Nóirín Nic Gairbheith ag iarraidh ar Bhonneagar Iompair Éireann a dhéanamh?
 5. Tá na comhairleoirí i gContae Dhún na nGall ar aon ghuth faoin gceist, a dúirt Micheál Choilm Mac Giolla Easpaig. Cén cheist í sin?

Ceist 4 An séimhiú agus an t-urú

Féach ar na habairtí seo ón mír. Tá séimhiú **amháin** agus urú **amháin** in easnamh i ngach abairt. Líon isteach anois iad.

- I Gaeltacht Dhún na nGall, táthar ag achainí ar na húdaráis rialacha pleanála a mhaolú le go bhféadfaidh glúin óg na Gaeltachta tithe a thógáil ar talamh a muintire.
- Tá cónaí ar Chaitríona Nic Aoidh taobh le bealach náisiúnta an N56 i paróiste Gaoth Dobhair.
- ... le teacht chun an baile le teach s'acu féin a thógáil ar a cuid talaimh féin.
- Pléadh an ceist i gceardlann pleanála de chuid na Comhairle inniu, agus na comhairleoirí ag iarraidh go déanfaí maolú ar an pholasaí.
- I ráiteas, dúirt Comhairle Contae Dhún na nGall, cé go bhfuil a polasaí bunaithe ar an pholasaí náisiúnta, go mbeidh tuilleadh plé á déanamh acu faoin cheist le comhairleoirí contae agus le Bonneagar Iompair Éireann.

Ceist 5 ‘...iníon...’

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaigí amach liosta de bhaill an teaghlaigh. Déanaigí cur síos dá chéile ar bhur dteaghlaigh féin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cá bhfuil tú i do chónaí anois. Déan cur síos ar an áit.
2. Cén áit ar mhaith leat a bheith i do chónaí amach anseo? Cén fáth?
3. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí, dar leat, a bhaineann le socrú síos thar lear?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	a	g	h	j	e	b	i	c	f

Ceist 2

- bealach – bóthar
- pilleadh – filleadh
- chun an bhaile – abhaile
- babaí – leanbh
- teach s'acu féin – a dteach féin
- chan é – ní hé
- uilig – uile
- cad chuige – cén fáth
- thart fá dtaobh dúinn – timpeall orainn

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- I **n**Gaeltacht Dhún na nGall, táthar ag achainí ar na húdaráis rialacha pleanála a mhaolú le go bhféadfaidh glúin óg na Gaeltachta tithe a thógáil ar **th**alamh a muintire.
- Tá cónaí ar Chaitríona Nic Aoidh taobh le bealach náisiúnta an N56 i **b**paróiste **Gh**aoth Dobhair.
- ... le teacht chun an **bh**aile le teach s'acu féin a thógáil ar a **g**cuid talaimh féin.
- Pléadh an **ch**eist i gceardlann pleanála de chuid na Comhairle inniu, agus na comhairleoirí ag iarraidh go **nd**éanfaí maolú ar an pholasaí.
- I ráiteas, dúirt Comhairle Contae Dhún na Gall, cé go bhfuil a **b**polasaí bunaithe ar an pholasaí náisiúnta, go mbeidh tuilleadh plé á **dh**éanamh acu faoin cheist le comhairleoirí contae agus le Bonneagar Iompair Éireann.

Ceist 5

Sin-seantuismitheoirí

Seantuismitheoirí – seanathair agus seanmháthair

Tuismitheoirí – máthair agus athair

Aintíní agus uncaílí

Col ceathracha

Deirfiúracha agus deartháireacha, leathdheirfiúr agus leathdheartháir

Iníonacha agus mic

Neachtanna agus nianna

Leaschlann; leasiníon agus leasmhac

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

I nGaeltacht Dhún na nGall, táthar ag achainí ar na húdaráis rialacha pleanála a mhaolú le go bhféadfaidh glúin óg na Gaeltachta tithe a thógáil ar thalamh a muintire. Faoi phlean forbartha an chontae is beag forbairt atá á céadú ar bhealach an N56, bóthar atá dul trí chroílár na Gaeltachta.

Shane Ó Curraighín

Tá cónaí ar Chaitriona Nic Aoidh taobh le bealach náisiúnta an N56 i bparóiste Ghaoth Dobhair. Tá iníon léi ag iarraidh teacht abhaile ón Astráil agus teach a thógáil ar thalamh an teaghlaigh, ach, níl sí ábalta de bharr srianta pleanála a bhaineann leis an bhealach.

Caitriona Nic Aoidh, Dobhar, Co. Dhún na nGall

Seo teaghlach óg atá ag iarraidh pilleadh¹ chun an bhaile. Seo Eoin, Sinéad agus Cooper ag iarraidh teacht ar ais chun an bhaile. Babaí úr acu trí seachtaine ó shin. Agus, sin an réasún a ndeachaigh² siad amach ansin sa chéad áit, le hairgead a shaothrú le teacht chun an bhaile le teach s'acu féin a thógáil ar a gcuid talaimh féin. Chan é le teacht chun an bhaile le dul isteach go baile inteacht³.

Shane Ó Curraighín

I gcás bealaí náisiúnta le teorainn luais os cionn seasca ciliméadar san uair, ní cheadaítear pleanáil más gá bóthar rochtana úr a thógáil, nó má mheastar go gcuirfeadh an teach le dlús tráchta ag bóthar rochtana roinnte atá ann cheana féin. Tá an riail de phlean forbartha Chomhairle Contae Dhún na nGall bunaithe ar threoir de chuid Bhonneagar Iompair Éireann.

An Comhairleoir Nóirín Nic Gairbheith, Fianna Fáil, Cathaoirleach Cheantar Bardasach na nGleannta

Bíonn an Chomhairle Contae anseo ábalta céad pleanála a dheonú ach ansin thig leis an TII⁴ teacht ar ais agus é a thógáil. Bhí muid ag iarraidh go n-amharcfadh siad ar na rialacha atá anseo anois agus go mbeidh siad ábalta tuiscint níos fearr a chur ar na háiteanna tuaithe atá ann.

Shane Ó Curraighín

Téann bealach an N56 fríd an chuid is mó den Ghaeltacht i nDún na nGall. Pléadh an cheist i gceardlann pleanála de chuid na Comhairle inniu, agus na comhairleoirí ag iarraidh go ndéanfaí maolú ar an pholasaí.

An Comhairleoir Micheál Choilm Mac Giolla Easpaig, Neamhspleách, Comhairle Contae Dhún na nGall

Bhuel, socraíodh go bhfuil coiste a dhul a bheith bunaithe anois. Tá na comhairleoirí uilig go léir ó ghuth amháin ar an cheist seo faoin N56. An rialtas a chaithfidh an cinneadh seo a déanamh, ag deireadh an lae. Caithfidh siad réiteach a fháil don pholasaí seo atá ag stopadh daoine a theacht chun an bhaile.

Shane Ó Curraighín

I ráiteas, dúirt Comhairle Contae Dhún na nGall, cé go bhfuil a bpolasaí bunaithe ar an pholasaí náisiúnta, go mbeidh tuilleadh plé á dhéanamh acu faoin cheist le comhairleoirí contae agus le Bonneagar Iompair Éireann.

Caitriona Nic Aoidh, Dobhar, Co. Dhún na nGall

¹ *filleadh* an leagan caighdeánach

² *a chuaigh* a dúradh

³ *éigin* an leagan caighdeánach

⁴ *Transport Infrastructure Ireland*

VIFAX 25 Feabhra 2021
Bunleibhéal

Ní thuigim féin cad chuige nach bhfuil siad ag tabhairt an cheadúnais seo dóibh agus do dhaoine eile thart fá dtaobh dúinn agus ligean dár gcuid páistí teacht chun an bhaile.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4, i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall.